



## Acmhainn Liotúirgeach: Samhain 2018

---

*Is féidir an acmhainn a úsáid mar bhunchloch Liotúirge an Bhriathair nó Liotúirge na hEocairiste.*

**Amhrán Tosaigh:** Is Beannaithe Teach Dé

**Deasghnáth Aithrí:**

A chairde ionúine, admháimis gur peacaigh atá ionainn, agus bimis ag ullmhú leis na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Ceannaire:** Cuireadh tusa chun lucht an chroíbhru a leigheas: A Thiarna déan trócaire.

**Cách:** A Thiarna déan trócaire.

**Ceannaire:** Tháinig tú leis na peacaigh a thabhairt chun aithrí: A Chríost déan trócaire.

**Cách:** A Chríost déan trócaire.

**Ceannaire:** Tá tú i do shuí ar dheasláimh an Athar chun idirghuí a dhéanamh ar ár son: A Thiarna déan trócaire.

**Cách:** A Thiarna déan trócaire.

**Liotúirge an Bhriathair**

*An Chéad Léacht: Leabhar Íseáia (25:6-9)*

Sliocht as leabhar Íseáia fáidh.

Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir cóisir saille, cóisir de rogha na bhfionta, de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfionta; agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile; cuirfidh sé an bás ar ceal go deo. Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile; óir is é an Tiarna a dúirt é. Déarfai an lá sin: "Breathnaigí, is é ár nDia é, a raibh muid ag dréim le slánú uaidh; is é an Tiarna é, a raibh muid ag dréim leis. Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn." Sin é Briathar Dé.

**Salm:** Is é an Tiarna mo sholas is mo shlánú (Salm 27)

*An Dara Léacht: Sliocht as chéadlitir N. Pól chuig na Teasalónaigh (4:13-18)*

Níor mhaith liom, a bhráithre, go mbeadh sibh aineolach i dtaobh na marbh i dtreo nach mbeadh sibh dobrónach ar nós na ndaoine eile atá gan aon dóchas. Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé; ar an gcuma chéanna an mhuintir a fuair bás i bpáirt le Críost, tabharfaidh Dia iad siúd leis ón mbás chomh maith. Agus tá an méid seo le rá againn libh ar fhocal an Tiarna féin: an méid a fhágfar beo dinn go dtí teacht an Tiarna, ní bheidh aon bhuntáiste againn orthu sin a bheidh tar éis bháis: mar nuair a thabharfar an fógra le glór an ardaingil agus le trumpa Dé, tiocfaidh an Tiarna féin anuas ó neamh agus ar dtús éireoidh na mairbh i gCríost. Ansin an méid a bheidh fágtha beo dinn, ardófar chun siúil sinn mar aon leo trí na néalta in araicis an Tiarna sa spéir, agus ar an gcuma sin beimid i dteannta an Tiarna go deo. Déanaigí a chéile a mhisniú, más ea, leis na briathra sin.

**Gairm an tSoiscéil:**

Seinn Alleluia (Liam Lawton)

Tagaigí, a lucht beannaithe m'Áthar, glacaigí mar oidhreacht an ríocht a ullmhaíodh daoibh ó thús an domhain.



*Léacht ón Soiscéal: Soiscéal N. Matha (5:1-12)*

Sliocht ón Soiscéal Naofa de réir N. Matha.

Nuair a chonaic sé na sluaite, chuaigh sé an sliabh suas. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige. Thosaigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt:

"Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

"Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad.

"Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

"Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.

"Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu.

"Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia.

"Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu.

"Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

"Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa.

"Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.

Soiscéal an Tiarna.

**Guí an Phobail**

A chairde ionúine, guímid ar son an phobail agus ar son an domhain. Iarraimid ar Chríost ár dTiarna sinn a bheannú, éisteacht lenár mianta agus ar urnaí an phobail i gcoitinne:

1. Guímid ar son an Phápa Proinsias, ár nEaspag \_\_\_\_\_, an chléir agus comhlúadar na gCríostaithe. Go gcuire an Naomhspiorad a ghrásta orthu, ionas go ndéanfaidh siad an Eaglais a threorú agus a láidriú ar an mbealach cóir.  
A Thiarna éist linn.
2. Guímid ar son Chuallacht \_\_\_\_\_. Go ndéanfaidh a gcuid oibre, sinne a spreagadh go leanúnach le maireachtáil de réir luachanna an bhunaitheora \_\_\_\_\_.  
A Thiarna éist linn.
3. Guímid ar son phobal na scoile. Go mbeimid i gcónaí ag feidhmiú ar bhealach a bheidh faoi choimirce an chreidimh, an dóchais agus an ghrá.  
A Thiarna éist linn.
4. Guímid ar son na dtuismitheoirí agus na seantuismitheoirí. Go dtabharfaidh siad sólas agus inspioráid, grá agus treoir dúinn ar bhealach a neartóidh go mór muid.  
A Thiarna éist linn.
5. Guímid ar son na muintire grámhaire atá imithe uainn. (Sos) Go mbeidh suaimhneas síoraí acu agus sonas i láthair Dé.  
A Thiarna éist linn.
6. Guímid ar son an chairdis. Deonaigh go dtabharfaimid grá agus tacaíocht dá chéile ar aistear na beatha.  
A Thiarna éist linn.

**Sagart:** A Dhia, is tusa ár ndéan agus ár neart. Éist le hurnaí do chlann dhílis féin. Is tusa foinse na cráifeachta. Deonaigh go gcuirfear gach a lorgaimid le dóchas uait, ar fáil dúinn. Trí Chríost ár dTiarna.



**Machnamh:**

In éirí agus i luí na gréine,

*Cuimhnímid orthu.*

I séideán gaoithe agus i bhfuacht an gheimhridh,

*Cuimhnímid orthu.*

In eascairt na mbachlóg agus i dteaspach na gréine,

*Cuimhnímid orthu.*

I siosarnach na nduilleog agus in áilleacht an fhómhair,

*Cuimhnímid orthu.*

I dtús na bliana agus i ndeireadh na bliana,

*Cuimhnímid orthu.*

Nuair a bhímid tréithlag agus easpa muiníne orainn,

*Cuimhnímid orthu.*

Nuair a bhímid ar strae agus croí trom orainn,

*Cuimhnímid orthu.*

Nuair a bhíonn lúcháir orainn, agus fonn orainn an lúcháir sin a roinnt,

*Cuimhnímid orthu.*

A fhad is a bhímid inár mbeatha, mairfidh siad, óir is cuid dár saol iad, agus

*Cuimhnímid orthu.*

(Ó Leabhair Urnaí an Ghiúdachais *Geataí na hUrnaí*)

**Ceol Breise:**

1. A Íosa Glan mo Chroíse
2. Regina Coeli (Traidisiúnta)
3. Is Maith an Bhean, Muire Mhór
4. Na Páistí (Máire Ní Bhraonáin)
5. A Dhia Naofa (Clement Mac Mánaís)
6. A Mhuire Mháthair
7. Ár nAthair (Seán Ó Riada)
8. Paidir na Tríonóide (Liam Lawton)
9. Tar Chugam a Spioraid Naoimh (Greagórach)
10. Éirím suas le Dia (Ronan McDonagh)